Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Eanáir 2024
(OR. en)

5733/24
PV CONS 3
AGRI 46
PECHE 32

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

23 Eanáir 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 5205/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 5279/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 5281/24

An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht

1. **Treoir lena leasaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 17 Eanáir 2024

5199/24
PE-CONS 66/23
MI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 46, Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 CFAE).

Sláinte

2. **Rialachán maidir le táillí agus muirir is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 17 Eanáir 2024

5183/24
PE-CONS 59/23
PHARM

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 agus Airteagal 168(4), pointí (b) agus (c) CFAE.

Ceartas agus Gnóthaí Baile

3. **Cinneadh maidir le húdarú atá dírithe ar an bhFrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidil leis an Ailgéir (ábhair shibhialta agus thráchtála)** ❶C 5136/24 + ADD 1 PE-CONS 65/23 JUSTCIV
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 18 Eanáir 2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 81(2) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil.
Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

4. **Cinneadh ón gComhairle lena dtugtar de chumhacht don Fhrainc comhaontú déthaobhach a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a bhaineann le dlí teaghlaigh a chaibidil leis an Ailgéir** SC 5094/24 15124/23 JUSTCIV
*Glacadh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 18 Eanáir 2024

Ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle tar éis mar a chuir na saineolaithe dlí/teanga bailchríoch air mar a leagtar amach in 15124/23 é
(bunús dlí: Airteagal 81(3) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**3. Clár Oibre na hUachtaránachta**
*Cur i láthair ón Uachtaránacht*

Thíolaic an Cathaoirleach clár oibre Uachtaránacht na Beilge a mhéid a bhaineann leis na hearnálacha talmhaíochta agus iascaigh.

TALMHAÍOCHT

4. Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil — 5503/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

**5. Plé straitéiseach maidir le todhchaí na talmhaíochta san Aontas Eorpach** *Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún* — 5145/24
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle i ndáil le plé straitéiseach an Choimisiúin maidir le todhchaí na talmhaíochta san Aontas Eorpach. Thug sí dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**6. Rialachán lena mbunaítear creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpach seasmhacha** — 5229/24
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha seasmhacha ar bhonn na dtrí cheist a mhol an Uachtaránacht.

Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí agus freagairt an Choimisiúin, rud a chuideodh leis an obair a bheidh ann amach anseo a threorú, obair a thosódh go pras ar an leibhéal teicniúil.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

7. (a) Smachtbhannaí ar allmhairiú bia agus táirgí talmhaíochta ón Rúis isteach san Aontas Eorpach chun cumas na Rúise a cogadh ar an Úcráin a fhearadh a lagú a thuilleadh — 5522/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Laitvia, thar ceann thoscaireachtaí na hEastóine, na Laitvia agus na Liotuáine*

(b) An gá atá le réitigh éifeachtacha a áireamh sa rialachán nua maidir le bearta trádála uathrialacha don Úcráin chun allmhairí talmhaíochta iomarcacha ón Úcráin, chomh maith le tionchair dhiúltacha ar earnáil talmhaíochta an Aontais agus a Bhallstát, go háirithe orthu siúd atá ar theorainn na hÚcráine, a chosc — 5591/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

**(c) An córas faireacháin limistéir a chur chun feidhme i gceart chun cuspóirí an tsimplithe agus an laghdaithe ar an ualach riaracháin a áirithiú** — 5554/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Seice, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na Danmhairg, na hEastóine, na Gréige, na Fraince, na Cróite, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine, Lucsamburg, na hUngáire, Mhálta, na Polainne, na Slóvaice, na Fionlainne, agus na Sualainne*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Seice ar fáil, barúlacha na dtoscaireachtaí agus an freagra ón gCoimisiún.

**(d) Athmheastóireacht ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga a mhéid a bhaineann le líon áirithe de na feoiliteoirí móra** — 5478/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Fionlainne, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Seice, na Gréige, na hIodáile, na Laitvia, na hOstaire, na Rómáine, na Slóvaice agus na Sualainne*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Fionlainne ar fáil, barúlacha na dtoscaireachtaí agus an freagra ón gCoimisiún.

(e) **Tionscnamh maidir le hathléimneacht dobharlach agus infhaighteacht uisce san Aontas Eorpach** ◻2 5504/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Portaingéile, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na hIodáile, na Cipire, na hUngáire agus na Rómáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Portaingéile ar fáil, barúlacha na dtoscaireachtaí agus an freagra ón gCoimisiún.

(f) **Úsáid RENURE in oirchill na meastóireachta ar an Treoir maidir le Níotráití** ◻2 5502/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na hÍsiltíre, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Danmhairge agus na hIodáile*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hÍsiltíre ar fáil, barúlacha na dtoscaireachtaí agus an freagra ón gCoimisiún.

(g) **Ról CBT maidir le táirgeadh bia phríomhúil ardcháilíochta ó fheirmeacha a chaomhnú** ◻2 5469/1/24 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Fraince, na hIodáile agus na hOstaire, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Seice, na Gréige, na Spáinne, na Cipire, Lucsamburg, na hUngáire, Mhálta, na Polainne, na Rómáine agus na Slóvaice*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hOstaire ar fáil, barúlacha na dtoscaireachtaí agus an freagra ón gCoimisiún.

---

❶ An chéad léamh

◻C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

◻2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 5281/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':** | **Cinneadh maidir le húdarú atá dírithe ar an bhFrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidil leis an Ailgéir (ábhair shibhialta agus thráchtála)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS Ó ÉIRINN**

'Moltar sa Chinneadh údarú a dheonú don Fhrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidil leis an Ailgéir i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála.

Tuigeann Éire comhthéacs eisceachtúil an Chinnidh atá beartaithe mar atá leagtha amach ag an gCoimisiún agus ag an bhFrainc araon, agus chuige sin amháin. Is díol sásaimh d'Éirinn an comhaontú maidir leis an togra agus tacaíonn sí go hiomlán leis an bhFrainc a bheith údaraithe an comhaontú leis an Ailgéir a chaibidil agus a thabhairt i gcrích.

Tá an Cinneadh atá beartaithe de bhun Airteagal 81(2) agus ós rud é go dtagann an tAirteagal laistigh de Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá feidhm ag Prótacal Uimh. 21 a ghabhann le CAE agus CFAE.

Tá Éire rannpháirteach san acquis bunúsach a bhaineann leis an gCinneadh atá beartaithe agus tá sí faoi cheangal aige[1]. Dá bhrí sin, measann Éire go bhfuil sí faoi cheangal ag an gCinneadh atá beartaithe i gcomhréir le téarmaí Airteagal 6 de Phrótacal 21 CFAE.

I bhfianaise na gcúinsí sin, ní mheasann Éire go dtagann ceist rannpháirtíocht na hÉireann nó neamh-rannpháirtíocht na hÉireann sa Chinneadh atá beartaithe faoi 4 de Phrótacal 21 CFAE chun cinn mar a léirítear faoi láthair in Aithris (11) den Chinneadh maidir le seasamh na hÉireann.

Measann Éire, de réir an fhasach, go léireofaí rannpháirtíocht na hÉireann sna bearta ar bhealach níos cruinne leis an aithris seo a leanas, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 6 de Phrótacal 21:

---

[1] Treoir 2002/8/CE maidir le Cúnamh Dlíthiúil — Aithris 33; Rialachán (AE) 1215/2012 maidir le dlínse, aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála — Aithris 40; Rialachán (AE) 2020/1783 maidir le Fianaise a Ghlacadh in Ábhair Shibhialta agus Tráchtála — Aithris 37; Doiciméid (bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha) a sheirbheáil Rialachán (AE) 2020/1784 — Aithris 47

Déthaobhach sibhialta agus tráchtála

‘Tá Éire faoi cheangal ag Treoir 2002/8/CE ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 chun rochtain ar cheartas i ndíospóidí trasteorann a fheabhsú trí rialacha coiteanna íosta a bhunú a bhaineann le cúnamh dlíthiúil do dhíospóidí den sórt sin; Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú); Rialachán (AE) Uimh. 2020/1783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú); agus Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó tráchtála (doiciméid a sheirbheáil) (athmhúnlú), agus dá bhrí sin tá sé rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.”

Tá an cur chuige seo gan dochar do sheasamh foluiteach na hÉireann ar an ábhar seo.’